

---

Liosta de na Cineálacha Oibríochtaí Próiseála  
Sonraí a bhfuil gá le **Measúnú Tionchair ar  
Chosaint Sonraí** ina leith.



## Réamhrá

Leagtar síos in Airteagal 35 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (“an Rialachán Ginearálta”) go ndéanfaidh rialaitheoir Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (“MTCS”) i gcás inar dóchúil go dtarlódh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine aonair de bharr chineál na próiseála sonraí, go háirithe próiseáil ina n-úsáidí nuatheicneolaíochtaí. Leagtar amach sa Rialachán Ginearálta freisin roinnt cásanna sonracha nach mór do rialaitheoirí MTCS a dhéanamh iontu. Más gá, ní mór MTCS a chur i gcrích sula dtosaítear an phróiseáil sonraí lena mbaineann<sup>1</sup>.

De bhun Airteagal 35(4) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (an Rialachán Ginearálta), glacann an Coimisiún um Chosaint Sonraí an liosta seo a leanas ina sonraítear na cineálacha oibríochtaí próiseála atá faoi réir an cheanglais chun Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí a dhéanamh. Sonraítear sa liosta sin freisin an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 35(1) den Rialachán Ginearálta agus, dá bhrí sin, níl an liosta sin ina liosta uileghabhálach de na cásanna a mbeidh gá le MTCS iontu. Ina theannta sin, tá an liosta gan dochar don cheanglas chun MTCS a dhéanamh de bhun Airteagal 35(3) den Rialachán Ginearálta.

Tá sé beartaithe go gcuimseofar sa liosta an phróiseáil sonraí náisiúnta agus an phróiseáil sonraí trasteorann araon agus léirítear ann an t-aiseolas a fuarthas le linn comhairliúchán poiblí. Chomh maith leis sin, cheadaigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí an liosta, áit a bhfoláionn sé oibríochtaí próiseála a bhaineann le soláthar earraí agus seirbhísí do dhaoine aonair nó le faireachán a dhéanamh ar a n-iompar i roinnt Ballstát nó oibríochtaí próiseála a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm go substaintiúil ar an tsaorghluaiseacht sonraí laistigh den Aontas Eorpach.

## Cé na cásanna a bhfuil gá le MTCS iontu?

Sainítear sa Rialachán Ginearálta roinnt cásanna a bhfuil MTCS éigeantach iontu:

1. Ceanglaítear le hAirteagal 35(1) den Rialachán Ginearálta go ndéanfar MTCS i gcásanna inar dóchúil go dtarlódh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine aonair de bharr chineál na próiseála, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha an chineáil phróiseála á gcur san áireamh. Is dócha go mbeidh sé sin amhlaidh má bhaineann an phróiseáil le nuatheicneolaíochtaí.
2. Sonraítear in Airteagal 35(3) den Rialachán Ginearálta go bhfuil MTCSanna éigeantach i roinnt cásanna próiseála. Tagann siad sin aníos i gcás ina ndéanann rialaitheoir sonraí cinnteoireacht uathobrithe atá bunaithe ar phróifiliú sonraí pearsanta, ar phróiseáil mhórsála ar chatagóirí speisialta de shonraí, nó ar fhaireachán córasach mórsála ar limistéir atá inrochtana don phobal.
3. I gcás ina n-éilíonn údarás maoirseachta cosanta sonraí a bhunaigh, i gcomhréir le hAirteagal 35(4) den Rialachán Ginearálta, liosta de chineálacha difriúla oibríochtaí próiseála is dócha a bheidh ina n-ardriosca do chearta agus do shaoirsí ábhar sonraí.

<sup>1</sup> Le halt 84 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, lena dtrasuitear Airteagal 27 den Treoir maidir le Cosaint Sonraí i Réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, ceanglaítear freisin go ndéanfar MTCS i gcás inar dóchúil go dtarlódh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine aonair de bharr próiseáil áirithe, go háirithe próiseáil ina n-úsáidí nuatheicneolaíochtaí, agus i gcás ina ndéantar í chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.

De bhreis air sin, i dTreoirlínte WP248 ó Mheitheal Oibre Airteagal 29 (Treoirlínte Mheitheal Oibre Airteagal 29 maidir le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí, ar fhorpheas an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí iad an 25 Bealtaine 2018), sonraítear gurb amhlaidh, i bhformhór na gcásanna, go n-éileoidh rialaitheoir sonraí MTCS i gcás ina gcomhlíonann an phróiseáil dhá cheann de na critéir a liostaítear i dTreoirlínte Mheitheal Oibre Airteagal 29 maidir le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (mar a leagtar amach ar leathanaigh 9-11). I roinnt cásanna, áfach, meastar i dTreoirlínte Mheitheal Oibre Airteagal 29 maidir le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí go bhfuil gá le MTCS i gcás próiseáil nach gcomhlíonann ach ceann amháin de na critéir sin. Baineadh leas as na critéir a forbraíodh i dTreoirlínte Mheitheal Oibre Airteagal 29 maidir le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí nuair a bhí forbairt agus formheas á ndéanamh ar an liosta seo chun tacú le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin Ghinearálta.

Mar rialaitheoir, beidh ar eagraíocht, i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta, a mheasúnú, a chinneadh agus a dhoiciméadú cé acu atá nó nach bhfuil gá le MTCS le haghaidh gach oibríochta próiseála sonraí atá beartaithe. Ba cheart faisnéis riosca ábhartha, lena n-áirítear cúiseanna le cén fáth ar gá MTCS a dhéanamh nó nach gá, a chur ar áireamh i dtaifid ar oibríochtaí próiseála.

Más gá d'eagraíocht MTCS a dhéanamh, is féidir léi an treoir a d'fhoilsigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí a leanúint. Tá an treoir ar fáil ag <http://gdprandyou.ie/dataprotection-impact-assessments-dpia/>

Tá sé tábhachtach a chuimhneamh go bhfuil de dhualgas ar rialaitheoir sonraí a chinntiú go ndéanfar MTCS nuair is gá agus ag an am cuí agus go gcuimseofar ann na sonraí go léir a cheanglaítear leis an Rialachán Ginearálta. Ba cheart na gnéithe go léir a liostaítear in Airteagal 35(7) den Rialachán Ginearálta a chur ar áireamh in MTCS go háirithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an gceanglas chun MTCS a dhéanamh maidir le hoibríochtaí próiseála a chomhlíonann na critéir in Airteagal 35 agus a tionscnaíodh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta an 25 Bealtaine 2018.

### **Liosta de na cineálacha Próiseála Sonraí a bhfuil gá le MTCS ina leith**

Sonraítear sa Rialachán Ginearálta go bhfuil gá le MTCS i gcás ina bpróiseálann eagraíocht sonraí pearsanta ar bhealach is dócha a bheidh ina ardriosca do chearta agus do shairsí duine aonair, go háirithe próiseáil ina n-úsáidí nuatheicneolaíochtaí.

Go háirithe, tá gá le MTCS i gcás ina ndéanann eagraíocht na nithe seo a leanas:

- próifíliú córasach agus fairsing a bhfuil éifeachtaí suntasacha aige a úsáid; nó
- próiseáil mhórscála a dhéanamh ar shonraí catagóire speisialta nó ar shonraí faoi chionta coiriúla; nó
- faireachán córasach mórscála a dhéanamh ar limistéir atá inrochtana don phobal.

De bhreis air sin, chinn an Coimisiún um Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 35(4) den Rialachán Ginearálta, go mbeadh MTCS **éigeantach** freisin le haghaidh na gcineálacha oibríochtaí próiseála seo a leanas i gcás ina léirítear i scagthástáil thaifeadta nó i réamh-mheasúnú riosca gur dóchúil go dtarlódh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine aonair de bharr na hoibríochta próiseála de bhun Airteagal 35(1) den Rialachán Ginearálta:

- 1) Úsáid mhórscála a bhaint as sonraí pearsanta chun críche/críocha seachas í/iad sin ar chucu a bailíodh iad de bhun Airteagal 6(4) den Rialachán Ginearálta.
- 2) Daoine leochaileacha, leanaí san áireamh, a phróifíliú chun margaíocht nó seirbhísí ar líne a dhíriú ar na daoine sin.
- 3) Úsáid a bhaint as próifíliú nó modhanna algartamacha nó sonraí catagóire speisialta mar ghné le rochtain ar sheirbhísí a chinneadh nó a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla nó éifeachtaí comhchosúla suntasacha ann dá barr.
- 4) Faireachán, rianú nó breathnú córasach a dhéanamh ar láthair nó iompar daoine aonair.
- 5) Próifíliú mórscála a dhéanamh ar dhaoine aonair.
- 6) Sonraí bithmhéadracha a phróiseáil chun duine aonair nó daoine aonair a shainaithint go huathúil nó chun go mbeifí in ann duine aonair nó daoine aonair a shainaithint nó a fhíordheimhniú i dteannta ceann ar bith de na critéir eile a leagtar amach i dTreoirlínte Mheitheal Oibre Airteagal 29 maidir le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí.
- 7) Sonraí géiniteacha a phróiseáil i dteannta ceann ar bith de na critéir eile a leagtar amach i dTreoirlínte Mheitheal Oibre Airteagal 29 maidir le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí.
- 8) Sonraí pearsanta a fhoinsiú go hindíreach i gcás nach bhfuil ceanglais trédhearcachta an Rialacháin Ghinearálta á gcomhlíonadh ann, lena n-áirítear nuair atáthar ag brath ar dhíolúintí atá bunaithe ar dhodhéantacht nó ar iarracht dhíríreach.
- 9) Tacair shonraí ar leith a chomhcheangal, a nascadh nó a chrostagairt i gcás ina gcuireann an nascadh sin go mór le daoine aonair a phróifíliú nó le hanailís iompair a dhéanamh orthu nó i gcás ina mbaintear úsáid as nascadh chun na gcríoch sin, go háirithe nuair a chomhcheanglaítear na tacair shonraí ó fhoinsí difriúla i gcás ina ndearnadh/ina ndéantar próiseáil chun críocha difriúla nó ina ndearna/ina ndéanann rialaitheoirí difriúla í.
- 10) Próiseáil mhórscála a dhéanamh ar shonraí pearsanta i gcás ina gceanglaítear leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, go ndéanfar “bearta oiriúnacha agus sonracha” chun cearta bunúsacha agus saoirsí daoine aonair a chosaint.

Ní bhaintear leis an liosta seo an ceanglas ginearálta chun measúnú riosca agus bainistíocht riosca atá cuí agus éifeachtach a dhéanamh ar oibríochtaí beartaithe próiseála sonraí agus ní thugtar leis ach oiread díolúine don rialaitheoir ón oibleagáid atá air a chinntiú go gcomhlíonfar aon oibleagáid eile den Rialachán Ginearálta nó aon reachtaíocht eile is infheidhme. Ina theannta sin, tá sé ina dhea-chleachtas MTCS a dhéanamh le haghaidh aon mhórthionscadail nua lena mbaineann sonraí pearsanta a úsáid, fiú mura bhfuil aon chomhartha sonracha ann ar ardriosca dóchúil.

Maidir le pointe 1 thuas, i gcás inar mhaith le heagraíocht sonraí pearsanta a úsáid chun críocha seachas na críocha sin ar chucu a bailíodh iad ar dtús, ceanglaítear ar an eagraíocht le hAirteagal 6(4) den Rialachán Ginearálta tástáil comhoiriúnachta a dhéanamh. Ba cheart na nithe seo a chur san áireamh sa tástáil sin: aon naisc idir na críocha bunaidh agus na críocha nua, an comhthéacs inar bailíodh na sonraí (go háirithe an gaol idir an duine aonair agus an eagraíocht), an cineál sonraí pearsanta lena mbaineann (i.e. catagóirí speisialta sonraí), na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do na daoine aonair ag an tuilleadh próiseála, agus cé acu atá nó nach bhfuil coimircí iomchuí ann (i.e. criptiú a dhéanamh nó ainm bréige a chur i bhfeidhm).

## Tuilleadh faisnéise agus tagairtí

### Tosca a théann i bhfeidhm ar MTCS a ullmhú

Baintear úsáid sa Rialachán Ginearálta as roinnt téarmaí a bhaineann leis an oibleagáid MTCS a dhéanamh le haghaidh próiseáil ardriosca. Go háirithe, agus faoi mar a phléitear sa tuairim ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí ar MTCSanna, téann roinnt tosca i bhfeidhm ar choincheap an ardriosca. I gcás ina mbaineann na tosca sin leis an oibríocht próiseála atá beartaithe, tá seans ann gur dócha go mbeidh ardriosca ann dá mbarr, go háirithe i gcás ina bhfuil níos mó ná ceann amháin díobh ina dtoisc. Níl na tosca sin saintreorach, áfach, agus tá rialaitheoir sonraí freagrach ar deireadh thiar thall as a chinneadh an bhfuil ardriosca ann nó nach bhfuil. I gcás ina bhfuil amhras ann, moltar go ndéanfaí MTCS.

Áirítear na nithe seo a leanas leis na tosca sin:

- Úsáidí as nuatheicneolaíochtaí nó teicneolaíochtaí nuálacha;
- Próiseáil mhórsála sonraí;
- Próifíliú/Meastóireacht - Meas, scóráil agus tuar a dhéanamh ar iompar, gníomhaíochtaí agus saintréithe daoine aonair, lena n-áirítear láthair, sláinte, gluaiseacht, nithe is díol spéise agus roghanna pearsanta;
- Faireachán, breathnú nó rialú córasach ar bith ar dhaoine aonair, lena n-áirítear an faireachán, an breathnú nó an rialú sin a tharlaíonn i limistéar poiblí nó i gcás ina bhféadfadh nach mbeadh an duine aonair ar an eolas faoin bpróiseáil nó faoi aitheantas an rialaitheora sonraí;
- Próiseáil sonraí íogaire, lena n-áirítear mar a shainmhínítear in Airteagal 9 den Rialachán Ginearálta, agus próiseáil sonraí dlúthphearsanta eile, amhail láthair nó sonraí airgeadais, nó próiseáil sonraí faoi chumarsáidí leictreonacha;
- Próiseáil tacar sonraí comhcheangailte a théann thar na hionchais atá ag duine aonair, amhail nuair a chomhcheanglaítear iad ó dhá fhoinsé nó níos mó i gcás ina ndearnadh an phróiseáil chun críocha difriúla nó ina ndearna rialaitheoirí sonraí difriúla í;
- Próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le daoine leochaileacha nó le spriocphobail a bhféadfadh go mbeadh cúinsí áirithe nó speisialta acu a bhaineann lena gcineál dúchasach, lena gcomhthéacs nó lena dtimpeallacht. Is dócha go n-áireofar leis na daoine sin mionaoisigh, fostaithe, daoine a bhfuil meabhairghalar orthu, iarrthóirí tearmainn, daoine scothaosta agus daoine éagumasaithe;
- Cinnteoireacht uathoibríthe a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla nó suntasacha aici (féach thíos). Áirítear leis sin cinnteoireacht uathoibríoch i gcás nach bhfuil baint éifeachtach ag aon duine leis an bpróiseas ann; agus
- Cosaint neamhleor ar aisiompú neamhúdraithe a dhéanamh ar ainm bréige a chur i bhfeidhm.

## Faisnéis tagartha

D'fhoilsigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí treoiríníte agus tuairimí ar choincheapa agus téarmaí gaolmhara. Molann an Coimisiún um Chosaint Sonraí do rialaitheoirí sonraí dul i muinín na dtreoiríníte agus na dtuairimí sin agus breithniú á dhéanamh acu ar chineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha a n-oibríochtaí próiseála beartaithe agus ar cé acu is gá nó nach gá MTCS a dhéanamh.

- Tá tuilleadh faisnéise faoi riosca, próiseáil chórasach, ábhair shonraí leochaileacha agus nuatheicneolaíocht ar fáil i [dTreoiríníte WP 248 athbhreith. 1 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí dar teideal "Guidelines on Data Protection Impact Assessment \(DPIA\) and determining whether processing is 'likely to result in a high risk' for the purposes of Regulation 2016/679"](#)
- Tá tuilleadh faisnéise faoi phróiseáil mhórsála, faoi éifeachtaí suntasacha nó dlíthiúla, faoi phróiseáil chórasach nó faoi phróiseáil rialta ar fáil i [dTreoiríníte WP 243 athbhreith. 1 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí dar teideal "Guidelines on Data Protection Officers \('DPOs'\)"](#)
- Tá tuilleadh faisnéise faoi phróifiliú, próiseáil uathoibrithe agus éifeachtaí suntasacha nó dlíthiúla ar fáil i [dTreoiríníte WP 251 athbhreith. 1 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí dar teideal "Guidelines on Automated individual decision-making and Profiling for the purposes of Regulation 2016/679"](#)

## An bhfuil aon díolúintí ann ón ngá le MTCS a dhéanamh?

NÍL gá ann le MTCS a dhéanamh sna cásanna seo:

- Níl ardriosca ann do chearta agus do shaoirsí daoine aonair de bharr na n-oibríochtaí próiseála;
- Aimsíodh in MTCS a rinneadh roimhe nach bhfuil an phróiseáil i mbaol;
- D'údarairgh údarás maoirseachta an phróiseáil cheana féin;
- Tá ag an bpróiseáil de bhun phointe (c) nó phointe (e) d'Airteagal 6(1) bunús dlí soiléir agus sonrach reatha i ndlí an Aontais Eorpaigh nó i ndlí Ballstáit agus i gcás ina ndearnadh MTCS cheana féin mar chuid de bhunú an bhunús dlí sin de réir Airteagal 35(10);
- Rinneadh próiseáil mar chuid de mheasúnú tionchair a d'eascair as bunús leasa phoiblí agus i gcás ina raibh MTCS ina ghné den mheasúnú tionchair sin (Airteagal 35(10)); agus/nó
- Roghnaíonn údarás maoirseachta an oibríocht próiseála a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 35(5) den Rialachán Ginearálta.